Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh
GA Sraith L
2026/58
6.1.2026

**CINNEADH (CBES) 2026/58 ÓN gCOISTE POLAITIÚIL AGUS SLÁNDÁLA**

**an 16 Nollaig 2025**

**maidir le ceann an aonaid ceannais agus tacaíochta míleata de chuid Thionscnamh Slándála agus Cosanta an Aontais Eorpaigh a cheapadh mar thaca le tíortha na hAfraice Thiar i Murascaill na Guine, agus lena n-aisghairtear Cinneadh (CBES) 2025/1431 (EUSDI/4/2025)**

TÁ AN COISTE POLAITIÚIL AGUS SLÁNDÁLA,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 38 de,

Ag féachaint do Chinneadh (CBES) 2023/1599 ón gComhairle an 3 Lúnasa 2023 maidir le Tionscnamh Slándála agus Cosanta an Aontais Eorpaigh mar thaca le tíortha na hAfraice Thiar i Murascaill na Guine ([1]), agus go háirithe Airteagal 3 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) De bhun Airteagal 3(1) de Chinneadh (CBES) 2023/1599, tá an Coiste Polaitiúil agus Slándála le rialú polaitiúil agus treoir straitéiseach Thionscnamh Slándála agus Cosanta an Aontais Eorpaigh a fheidhmiú mar thaca le tíortha na hAfraice Thiar i Murascaill na Guine ('an Tionscnamh'). Thairis sin, d'údaraigh an Chomhairle an Coiste Polaitiúil agus Slándála cinntí ábhartha a dhéanamh i gcomhréir le hAirteagal 38 den Chonradh ar an Aontas Eorpach, lena n-áirítear na cinntí maidir le ceann an aonaid ceannais agus tacaíochta míleata a cheapadh.

(2) An 9 Iúil 2025, ghlac an Coiste Polaitiúil agus Slándála Cinneadh (CBES) 2025/1431 ([2]), lena gceaptar an Captaen André (Annius) VAN DER KAMP ina cheann an aonaid ceannais agus tacaíochta míleata de chuid an Tionscnaimh ón 16 Iúil 2025.

(3) An 3 Nollaig 2025, mhol údaráis mhíleata na Spáinne an Coirnéal Emilio Asensio BAUTISTA MARTÍNEZ a cheapadh ina cheann an aonaid ceannais agus tacaíochta míleata de chuid an Tionscnaimh ('an ceapachán molta').

(4) An 9 Nollaig 2025, thacaigh Ceannasaí Míleata cholún míleata an Tionscnaimh leis an gceapachán molta sin.

(5) An 12 Nollaig 2025,thacaigh Coiste Míleata an Aontais Eorpaigh leis an gceapachán molta agus mhol sé don Choiste Polaitiúil agus Slándála é a fhormheas.

(6) Ba cheart cinneadh a dhéanamh maidir leis an gCoirnéal Emilio Asensio BAUTISTA MARTÍNEZ a cheapadh ina cheann an aonaid ceannais agus tacaíochta míleata de chuid an Tionscnaimh ón 9 Eanáir 2026 ar aghaidh.

(7) Ba cheart Cinneadh (CBES) 2025/1431 a aisghairm,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Ceaptar an Coirnéal Emilio Asensio BAUTISTA MARTÍNEZ ina cheann an aonaid ceannais agus tacaíochta míleata de chuid Thionscnamh Slándála agus Cosanta an Aontais Eorpaigh mar thaca le tíortha na hAfraice Thiar i Murascaill na Guine ón 9 Eanáir 2026 ar aghaidh.

*Airteagal 2*

Leis seo, aisghairtear Cinneadh (CBES) 2025/1431.

([1]) IO L 196, 4.8.2023, lch. 25, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2023/1599/oj.
([2]) Cinneadh (CBES) 2025/1431 ón gCoiste Polaitiúil agus Slándála an 9 Iúil 2025 maidir le ceann an aonaid ceannais agus tacaíochta míleata de chuid Thionscnamh Slándála agus Cosanta an Aontais Eorpaigh a cheapadh chun tacú le tíortha na hAfraice Thiar i Murascaill na Guine, agus lena n-aisghairtear Cinneadh (CBES) 2025/69 (EUSDI/2/2025) (IO L, 2025/1431, 17.7.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2025/1431/oj).

*Airteagal 3*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an 9 Eanáir 2026.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 16 Nollaig 2025.

*Thar ceann an Choiste Pholaitiúil agus Slándála*

*An Cathaoirleach*

D. PRONK